

Imeachtaí de chuid an Bharántais Gabhála Eorpigh

Is ionstraim dlíthiúil é an Barántas Gabhála Eorpach (BGE) trínar féidir le tír eisiúna amháin ordú a dhéanamh do ghabháil agus d'fhilleadh duine a bhfuil amhras faoi, nó daoránaigh, a fhaightear i mBallstát AE eile. Ní mór don Stát Forghníomhaitheach éifeacht a thabhairt don ordú sin, ach amháin más BGE neamhbhailí atá ann nó má tá foras diúltaithe i bhfeidhm.

Mar gheall go n-áirítear dhá thír leis (ar a laghad), is gá go ndéantar deimhin de chúnamh dlíthiúil don duine iarrtha sa Stát Eisiúna agus sa Stát Forghníomhaitheach araon, faoi mar a fhoráiltear le hAirteagal 10 de Threoir 2013/48/AE maidir le ceart rochtana ar dhlíodóir i nósanna imeachta coiriúla agus BGE.

Ba chóir don Dlíodóir ón Stát Forghníomhaitheach (ESL) Dlíodóir ón Stát Eisiúna (ISL) a chur san áireamh trí:

1. fiosrú a dhéanamh an bhfuil dlíodóir ceaptha sna nósanna imeachta sa Stát Eisiúna agus teagmháil a dhéanamh leis nó léi;
2. mura bhfuil, teagmháil a dhéanamh le dlíodóir trí ghréasáin atá ar fáil, amhail saoráid ECBA *Find a Lawyer*.

Aimsigh Dlíodóir

Is éard atá sa chuid *Find a Lawyer* ar ár suíomh gréasáin ná sonraí teagmhála maidir leis na cleachtóirí indibhidiúla a dhearbhaíonn gur cleachtóirí um chosaint choiriúil le taithí iad agus a bhfuil Béarla ar a laghad acu, anuas ar a dteanga dhúchais. Sa chás go bhfuiltear ag cuardach dlíodóra chun cúnamh a thabhairt leis an gcás BGE sa Stát Eisiúna, féadfar dul ag brabhsáil ar an liosta ag:

<https://www.ecba.org/contactlist/contacts-search-country.php>
nó dul i dteagmháil le secretariat@ecba.org

Ról Dhlíodóir an Stáit Forghníomhaitheach

Is é an ról atá ag an ESL ná cosaint a thabhairt don duine atá sna nósanna imeachta BGE sa Stát Forghníomhaitheach, gan argóint a dhéanamh ar bhonn an cháis choiriúil atá á shaothrú sa Stát Eisiúna (ní mór don ISL sa Stát Eisiúna é sin a dhéanamh). Áirítear leis seo:

1. bailíocht agus iomláine fhoirmiúil an BGE a áirithiú;
2. fáil amach an bhfuil feidhm ag forais diúltaithe;
3. fáil amach an bhfuil roghanna eile ann seachas géilleadh don BGE;
4. comhairle a chur ar an duine maidir le riail na speisialtachta;
5. comhairle a chur ar an gcliant, tar éis dul i gcomhairle leis/léi agus leis an ISL, maidir le cé acu is fearr – toiliú leis an ngéilleadh nó cosaint a chur i láthair sa Stát Forghníomhaitheach;
6. scaoileadh ón gcoinneáil a lorg, más cuí.

Leagtar amach na forais diúltaithe a d'fhéadfaí a agairt in Airteagail 3, 4 agus 4a de Chinneadh Réime 2002/584/JHA agus sa reachtaíocht náisiúnta cur chun feidhme lena mbaineann. D'fhéadfaí forais lánroghnacha agus éigeantacha a chur san áireamh leis sin. Féadfaidh BGE na dlíthe idirnáisiúnta i leith Chearta an Duine a agairt chun forais diúltaithe eile a thabhairt chun cinn (m.sh. de bhun na gcearta dá bhforáiltear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais nó sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine; Conarthaí an Aontais Eorpigh; nó treoracha um chearta nós imeachta tánaisteacha).

Féadfaidh an cás a bheith ann go n-ardaítear saincheisteanna bunreachtúla.

Mar shampla, féadfaidh baint a bheith ag na saincheisteanna sin le sárú an chirt chun trialach córa, le coinníollacha réasúnta i bpríosún, le cóireáil leighis, nó leis an saol teaghlaigh sa chás gur cuireadh an duine ar ais chuig an Stát Eisiúna. I gcaitheamh nósanna imeachta BGE sa Stát Forghníomhaitheach, tá na cearta nósanna imeachta seo a leanas ag an duine faoi réir nós imeachta BGE faoi dhlí AE:

1. Ceart chun ateangaireachta/aistriúcháin (Treoir 2010/64/AE)
2. Ceart chun cabhrach dlí agus chun cúnamh dlí sa dá thír (Treoir 2013/48/AE agus 2016/1919/AE)
3. Ceart chun a bheith curtha ar an eolas maidir le hábhar an BGE agus Litir na gCearta BGE a fháil (Treoir 2012/13/AE)
4. Ceart chun éisteacht a fháil ó bhreitheamh (FD 2002/584/JHA)*

Féach an seicliosta taobh thiar den bhileog seo mar mheabhrúchán ar an eolas cuí a ghabhann le cosaint éifeachtach a dhéanamh i gcoinne BGE.

Ról Dhlíodóir an Stáit Eisiúna

Ba chóir don ISL a bheith páirteach leis seo i bhfad roimh ghéilleadh an duine iarrtha don Stát Eisiúna. Tá ról acu i gcaitheamh nósanna imeachta an BGE agus in imscrúdú, i dtrial nó i gcéimeanna pianbhreithe an Stáit Eisiúna araon.

Is é ról an ISL cúnamh a thabhairt don chliant agus don ESL le linn imeachtaí BGE sa Stát Forghníomhaitheach. Is éard atá i gceist leis seo, inter alia:

1. stádas an cháis choiriúil, in aghaidh an duine iarrtha sa Stát Eisiúna, a fháil amach;
2. athbhreithniú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an BGE bailí, e.g. roimh am, incháilitheacht an chionnaíomhnaithe don ghéilleadh;
3. iarratais a dhéanamh chuig údarais an Stáit Eisiúna an BGE a tharraingt siar nó a ionadú, nó láithreas deonach a shocrú;
4. comhairle a chur ar an ESL má tá feidhm ag forais diúltaithe;
5. faisnéis tacaíochta ar an gcosaint a fháil don BGE – an fhaisnéis sin a fháil iad féin, nó an ESL a threorú chuig saineolas ábhartha.

Má thugtar suas an duine don Stát Eisiúna, is é ról an ISL, inter alia:

1. an duine a chosaint i réamhthriail agus sa trial;
2. má chiontaítear an duine agus má iarrann sé/sí é, iarratas a dhéanamh ar a n-aistriú ar ais chuig an Stát Forghníomhaitheach, nó stát eile ina bhfuil siad ina náisiúnach nó ina gcónaí ann, chun a bpianbhreith a chaitheamh;
3. a chinntiú go gcomhlíontar an riail speisialtachta;
4. a chinntiú go gcomhlíontar aon dearbhuithe a thugann an Stát Eisiúna maidir le cóireáil an duine iarrtha le linn na n-imeachtaí coiriúla agus aon phianbhreith.

* Níl feidhm ag na Treoracha seo sa Danmhairg faoi láthair.
Níl feidhm ag Treoracha 2013/48/AE ná ag 2016/1919/AE in Éirinn ná sa Ríocht Aontaithe faoi láthair.

Seicliosta Cosanta BGE

Seiceáil an fhoirm BGE nó Cead Isteach Schengen:

- An bhfuil an fhaisnéis ábhartha go léir ann a theastaíonn le go mbeadh sé ina dhoiciméad bailí?
- An bhfuil suíomh na bhfóras i do thír féin nó i dtríú tír?
- Iarr ar an gcúirt aistritheoir a chur ar fáil mura bhfuil an fhoirm BGE nó an cead isteach Schengen i do theanga féin

Téigh i gcomhairle le do chliant agus:

- Iarr ar an gcúirt ateangaire a chur ar fáil mura féidir le do chliant do theanga a labhairt
- Seiceáil gurb é do chliant an duine iarrtha a shaináithnítear sa BGE i ndáiríre
- Seiceáil ar tugadh Litir na gCeart BGE do do chliant de bhun Threoir Iarscríbhinn II 2012/13/AE i dteanga a thuigeann sé/sí agus, murar tugadh, iarr ar an gcúirt ceann a thabhairt dó/di
- Seiceáil ar cuireadh do chliant ar a t(h)riail mar gheall ar na fíricí céanna in aon tír eile
- Seiceáil an bhfuil do chliant sách sean le bheith faoi dhlíteanas coiriúil i do thír féin
- Seiceáil an bhfuil ilphardún don choir sin i do thír féin
- Seiceáil an coir iad na fíoras i do thír féin nó an “cion liostaithe” iad atá díolmhaithe ó choiriúlacht dhúbailte
- Seiceáil an bhfuil nó an raibh ionchúiseamh á dhéanamh ar do chliant i do thír féin mar gheall ar na fíoras chéanna
- Dá bhféadfaí do chliant a chur ar a t(h)riail mar gheall ar fhórais an BGE i do thír féin, seiceáil maidir le reacht na dtréimhsí
- Seiceáil an bhfuil cásanna eile ar feitheamh ag do chliant i do thír féin nó in aon tír eile
- Más náisiúnach de chuid do thír féin é/í do chliant nó má tá cónaí air/uirthi i do thír féin, fiafraigh de/di an bhfuil sé/sí ag iarraidh a p(h)ianbhreith a chaitheamh ann
- Má ciontaíodh do chliant cheana féin, fiafraigh de/di an raibh sé/sí i láthair ag a t(h)riail nó ar cuireadh ar an eolas é/í faoi dháta na trialach
- Ná cuir comhairle air/uirthi toiliú le prionsabal na speisialtacht nó an prionsabal sin a tharscaoileadh gan dul i gcomhairle le Dlíodóir de chuid an Stáit Eisiúna
- Fiafraigh de do chliant an bhfuil aon imní air/uirthi maidir le filleadh ar an Stát Eisiúna (m.sh. sláinte, teaghlach, triail chothrom, coinníollacha príosúin)
- Fiafraigh de do chliant faoina c(h)uid oibre, a c(h)uid ceangal sóisialta agus ceangal teaghlaigh i do thír chun iarratas a dhéanamh ar scaoileadh saor ó choinneáil

Téigh i dteagmháil le Dlíodóir de chuid an Stáit Eisiúna chun:

- Breathnú ar na cáschomhaid sa Stát Eisiúna
- Comhairle a thabhairt maidir leis an dlí agus nós imeachta is infheidhme
- Seiceáil an féidir an BGE a tharraingt siar nó an féidir bearta eile a chur ina ionad (m.sh. páipéir a sheirbheáil, éisteacht trí nasc físe, fíneáil a íoc) nó láithreas deonach
- Faigh fianaise chun tacú le cur síos an chliant



Conas is féidir liomsa cosaint a dhéanamh i gcoinne BGE?

Barántas Gabhála Eorpach: Riachtanais ECBA do Dhlíodóirí Cosanta

<https://handbook.ecba-eaw.org/>

Aistritheoirí: Róisín Masson agus Darragh Murphy - Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, Éire

ECBA

Bunaíodh Cumann Barra Coiriúil na hEorpa (ECBA) in 1997 agus is eagraíocht neamhspleách den scoth atá anois ann de dhlíodóirí cosanta speisialtóireachta sna tíortha ar fad de chuid Chomhairle na hEorpa. Tá sé mar aidhm ag ECBA cearta bunúsacha daoine atá faoi imscrúdú, daoine atá faoi amhras, daoine a bhfuil cúis curtha ina leith agus daoine a ciontaíodh a chur chun cinn.

Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach Lámhleabhar ECBA
maidir le BGE do Dhlíodóirí Cosanta
<https://handbook.ecba-eaw.org/> nó déan teagmháil le secretariat@ecba.org